Cummeennabuddoge
Wind Farm

Meán Fómhair, 2023

Tá súil agam go bhfuil tú go maith.

Tá mé ag glaoch ó dhoras go doras ag leanúint suas ar an mbróisiúr tionscadail maidir le Feirm Ghaoithe Choimín na Bodóigea seachadadh le déanaí.

Más amhlaidh ná rabhais sa bhaile nuair a ghlaos agus dá mba mhaith leat a thuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, dá mbeadh aon cheisteanna ar leith agat nó dá mba mhaith leat cruinniú a shocrú liom, déan teagmháil liom le do thoil ar m'uimhir theileafóin nó mo sheoladh ríomhphost thíos.

Ba mhaith linn cuireadh a thabhairt duit chuig Clinic Rannpháirtíochta Pobail maidir le Feirm Ghaoithe Choimín na Bodóigesa. Óstán Gibnatan, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí, P12 FW30, Dé Céadaoin 20 Meán Fómhair ó 12:00 meán lae go 20:00 agus Déardaoin 21 Meán Fómhair ó 11:00 lae go 18:00.

Fógrófar an t-eolas comhairliúcháin poiblí thuas go háitiúil agus sna nuachtáin chomh maith sna laethanta amach romhainn.

Tá súil againn tú a fheiceáil ag an gclinic, áit ar féidir leat bualadh le foireann Fheirm Ghaoithe naChoimín na Bodóigea go pearsanta, féachaint ar fhaisnéis an tionscadail agus aon cheisteanna atá agat a chur.

Munar féidir leat bheith páirteach sa chlinic pearsanta, is féidir leat ríomhphost, glaoch nó téacs a chur chun freagraí a fháil ar do cheisteanna nó iarraidh orm go gcoimeádfaí suas chun dáta tú maidir leis an tionscadal fuinnimh in-athnuaite seo.

Le teacht ar gach eolas a eisíodh go dtí maidir leis an bhFeirm Ghaoithe atá beartaithe don Choimín na Bodóige lena n-áirítear liosta Ceisteanna Coitianta (CCanna) agus gach nuachtlitir go dtí seo agus nuashonrúcháin, agus rochtain ar Chur i Láthair Fíorúil an tionscadail, tabhair cuairt le do thoil ar www.cummeennabuddogewindfarm.ie.

Breandán ó Tuama
-------------------------------
Breandán Ó Tuama
Oifigeach Idirchaidreamh Pobail

Teileafón díreach: 087 971 2151

R-phost: cummeennabuddoge@futurenergyireland.ie

Suíomh Gréasáin: www.cummeennabuddogewindfarm.ie

Post: Faoi chúram: Breandán ó Tuama, FuturEnergy Ireland,
The Rhubicon Centre, Baile an Easpaig,
Cathair Chorcaí,Co. Chorcaí, T12 Y275.

FE